

Aonad 4 – Cáin | Nótaí H1

Eochairfhocal: Is tobhach í **cáin** a ghearrann an Rialtas ar dhaoine aonair agus ar ghnólachtaí le hairgead a chur ar fáil do chaiteachas. Is féidir le cáin a bheith díreach (cáin ioncaim) agus indíreach (CBL).

Cáin Ioncaim - An Córas ÍMAT

- Tá dhá ráta ann - an ráta caighdeánach cánach agus an ráta níos airde.
- Gearrtar cáin ar ioncam a fhaightear ó fhostaíocht.
- Féadfaidh daoine creidmheasanna cánach a éileamh ar cháin ioncaim.

Foirmeacha a bhíonn i gceist:

1. Foirm 12a- Teastaíonn seo uait chun dul isteach sa chóras ÍMAT. Nuair a théann tú ag obair den chéad uair, líontar an fhoirm seo ionas gur féidir leat leas a bhaint as do liúntais chánach.
2. Foirm P12- Is tuairisceán cánach í seo. Ag deireadh gach bliana cánach, líonann duine an fhoirm seo isteach don chigire cánach. Socraíonn an cigire ar íoc tú an iomarca cánach nó an bhfuil níos mó le híoc agat. Má d'íoc tú an iomarca, gheobhaidh tú airgead ar ais. Beidh cáin bhreise le híoc má fhaigheann an cigire amach nár íoc tú do dhóthain.

Cáin Chorparáide

- Is cáin í seo ar bhrabúis a thuilleann cuideachtaí.
- Is é 12.5% an ráta in Éirinn. Tá an ráta seo réasúnta íseal i gcomparáid le tíortha eile, rud a fhágann go bhfuil Éire tarraingteach do ghnólachtaí eachtracha.
- Is féidir cáin chorparáide a laghdú trí shócmhainní seasta (liúntais chaipitil) a cheannach, ús a éileamh ar iasachtaí, an chuideachta a lonnú i limistéir sainithe cánach agus airgead a bhailiú trí scéimeanna dreasachta cánach.

CBL - Cáin Bhreisluacha

Eochairfhocal: *CBL*: cáin indíreach a ghearrtar ar dhíol earraí agus seirbhísí. Is gá do ghnólachtaí a dhíolann méid áirithe earraí/seirbhísí clárú do CBL.

- Caithfidh gnólachtaí CBL a ghearradh ach is féidir leo CBL a éileamh ar earraí a cheannaíonn siad.
- Maireann an tréimhse CBL dhá mhí, rud a chiallaíonn go mbíonn CBL le híoc sé huaire sa bhliain.
- Caithfidh an gnólacht foirm ar a dtugtar CBL 3 a chur isteach nuair a bhíonn CBL le híoc.
- Athraíonn an ráta CBL, ag brath ar an earra nó ar an tseirbhís a dhíoltar.

Cáin Ghnóthachan Caipitiúil

Dhá Chineál:

1. Cáin Ghnóthachan Caipitiúil (CGT): íoctar CGT ar bhrabúis a fhaightear ó shócmhainní a dhíol m.sh. do theach Is é 20% an ráta bliantúil. Bíonn creidmheas cánach de € 1270 ag daoine singil don cháin seo agus is é an creidmheas cánach a bhíonn ag lánúin phósta do seo ná € 2450.
2. Cáin Fháltas Caipitiúil (CAT): Íoctha ag aon duine a fhaigheann bronntanas nó oidhreacht. Bíonn tionchar ag an gcaidreamh atá agat leis an duine atá ag seoladh an bhronntanais ar an méid cánach a íoctar. Mar shampla, beidh níos lú le híoc más do thuismitheoir atá ann, seachas aintín nó uncail. Tá roinnt díolúintí ón gcáin seo. Is samplaí de dhíolúintí iad bronntanais nó oidhreacht idir dhaoine atá pósta, bronntanais suas le €1270 sa bhliain, bronnadh ar charthanachtaí agus íocaíochtaí réasúnta le ball teaghlaigh chun íoc as oideachas, chun tacú le ball teaghlaigh nó íocaíochtaí cothabhála.

Cánacha Tábhachtacha Eile

1. Dleachtanna máil - cánacha ar earraí áirithe, alcól agus tobac mar shampla.
2. Mótarcháin - cáin ar gach feithicil atá ar an mbóthar. Braitheann an ráta a íoctar ar mhéid an innill. Caithfidh mótarcháin a íoc ar gach carr.
3. Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT): Cáin a íoctar ar ús a thuilltear as airgead a shábháil i mbanc.

Cosúlachtaí agus Difríochtaí idir Cánacha Teaghlaigh agus Gnó

Cosúlachtaí	Difríochtaí
Caithfidh an bheirt acu cánacha a íoc	Tá níos mó cánacha le híoc ag gnólachtaí
Caithfidh an bheirt acu clárú leis an oifig chánach	Is féidir le gnólachtaí CBL a éileamh
Bíonn foirmeacha le comhlánú acu beirt	Bíonn níos mó fadhbanna cánach ag gnólachtaí
Caithfidh an dá cheann a bheith ar fáil le haghaidh iniúchtaí	Bíonn níos mó liúntais chánach ag gnólachtaí
Caithfidh an bheirt acu taifid a choinneáil ar an gcáin a íocadh	
Déanann an bheirt acu iarracht cáin a ísliú trí leas a bhaint as liúntais dhleathacha	

Giorrúcháin

ÍMAT- Íoc mar a thuillir

CBL- Cáin bhreisluacha

DIRT- Cáin Choinneála ar Ús Taisce

CAT- Cáin Fháltas Caipitiúil

CGT- Cáin Ghnóthachan Caipitiúil